ASTI

# ASTI agus tusa

Déanann ASTI ionadaíocht ar os cionn 18,500 múinteoir i bPobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha, i gColáistí Pobail agus Meánscoileanna Deonacha. Is eagraíocht dhaonlathach é ASTI agus is bunriachtanach do gach ball a c(h)eart a fheidhmiú chun éisteacht a fháil agus chun tionchar a imirt ar na cinntí a dhéanann an ceardchumann.

BILEOG EOLAIS ASTI – 2021

## CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| Is iad na Baill a Chinneann an Beartas | 3 |
| Do Thuairim a Chur Chun Tosaigh | 3 |
| Struchtúr do Cheardchumainn | 3 |
| Dualgais agus Freagrachtaí na Maor Scoile | 6 |
| Cruinnithe Scoile ASTI | 6 |
| Maoir Scoile agus Láithreán Gréasáin ASTI | 7 |

## 1. IS IAD NA BAILL A CHINNEANN AN BEARTAS

Cinntear rialacha agus beartais ASTI trí Comhdhálacha Bliantúla nó Speisialta. Féadfaidh aon bhall rún a mholadh dá b(h)rainse le haghaidh na Comhdhála. Féadfaidh aon bhall iarraidh a thabhairt ar bheith tofa chun freastal ar an gComhdháil. Tá gach ball ASTI ina bhall de bhrainse a fheidhmíonn sa cheantar ina bhfuil sé nó sí fostaithe nó ina bhfuil cónaí air nó uirthi de ghnáth. Ag na cruinnithe brainse, pléitear saincheisteanna gairmiúla, oideachasúla agus ceardchumainn a mbaineann tábhacht áitiúil agus náisiúnta do mhúinteoirí leo, agus is féidir le baill aonair tionchar a imirt ar threo beartais an cheardchumainn trí mheán a mbrainsí.

## 2. DO THUAIRIM A CHUR CHUN TOSAIGH

Is féidir leat do thuairimí a chur in iúl trí bheith rannpháirteach go gníomhach i do bhrainse áitiúil agus trí fhreastal ar do chruinnithe brainse.

- Is féidir leat tionchar a imirt ar threo an cheardchumainn trí d'oifigigh bhrainse a thoghadh nó trí iarraidh a thabhairt ar bheith tofa thú féin.
- B'fhéidir gur mhian leat iarraidh a thabhairt ar bheith tofa chuig an Ard-Chomhairle, a roghnaítear ar leibhéal na mbrainsí i mí Dheireadh Fómhair / mí na Samhna, agus a thagann le chéile dhá uair in aghaidh na bliana. Freastalaíonn comhaltaí na hArd-Chomhairle ar an gComhdháil Bhliantúil freisin.
- B'fhéidir gur mhian leat gníomhú mar thoscaire don Chomhdháil Bhliantúil, a thagann le chéile um an gCáisc. Toghtar toscairí ag leibhéal na mbrainsí i mí na Nollag agus is é an ceardchumann a chistíonn a bhfreastal ar an gComhdháil.
- B'fhéidir gur mhian leat iarraidh a thabhairt ar bheith tofa chuig an mBuanchoiste, a thoghtar i mí Feabhra gach re bliain (ainmniúchán i mí na Nollag). Féadfaidh aon chomhalta a bhfuil dhá bhliain curtha díobh aige nó aici iarraidh a thabhairt ar bheith tofa chuig an mBuanchoiste.
- Éistfear le do ghlór nuair a ghlacfaidh tú páirt ghníomhach i do bhrainse ASTI.

## 3. STRUCHTÚIR DO CHEARDCHUMAINN

### Oifigigh

Is iad Oifigigh an Aontais don scoilbhliain 2021/2022 an tUachtarán, Eamon Dennehy; an Leas-Uachtarán, Miriam Duggan; an tIar-Uachtarán roimhe seo, Ann Piggott; an Cisteoir Oinigh, Pádraig Ó Murchú; an tEagraí Náisiúnta Oinigh, Michael McGrath agus, an tArd-Rúnaí, Kieran Christie. Cé is moite den Ard-Rúnaí agus den Iar-Uachtarán roimhe seo, is ag an gComhdháil Bhliantúil a thoghtar na hOifigigh. Bíonn an tUachtarán i seilbh oifige idir an 1 Lúnasa agus an 31 Iúil an bhliain dár gcionn agus tugtar ar iasacht chuig an gCeannoifig ar bhonn lánaimseartha é.

### An Buanchoiste

Tá 18 n-ionadaí réigiúnacha ar an mBuanchoiste, a thagann le chéile ar bhonn míosúil. Feidhmíonn an Buanchoiste mar fheidhmeannas laethúil an Chumainn. Is é bord rialaithe an Chumainn é nuair nach mbíonn an Ard-Chomhairle ina suí. Tarlaíonn na toghcháin chuig an mBuanchoiste i mí Feabhra (ainmniúcháin i mí na Nollag).

### An Ard-Chomhairle

Feidhmíonn 185 comhalta ar an gcomhairle sin, a thagann le chéile dhá uair sa bhliain. Is é bord rialaithe an Chumainn é nuair nach bhfuil an Chomhdháil Bhliantúil ina suí. Bíonn toghcháin don Ard-Chomhairle ar siúl ag cruinnithe brainse i dtéarma an Fhómhair.

### Oifigigh Bhrainse

Tá ballraíocht ASTI roinnte ina 56 brainse. Eagraítear brainsí go háitiúil agus tagann siad le chéile gach mí de ghnáth. Tá Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, Rúnaí, Cisteoir, Oifigeach Comhionannais agus Eagraí Brainse i ngach brainse, a thoghtar gach Deireadh Fómhair.

### An Chomhdháil Bhliantúil

Is í an Chomhdháil Bhliantúil comhlacht uachtarach ceaptha beartais an Chumainn. Is ag an gComhdháil Bhliantúil a chinntear rialacha agus beartas, agus a thugtar aghaidh ar shaincheisteanna lena mbaineann tábhacht do mhúinteoirí agus don oideachas i gcoitinne. Déanann na brainsí áitiúla idir toscaire amháin agus dhá thoscaire déag a ainmniú chun freastal ar an gComhdháil ag brath ar mhéid an bhrainse. Is le linn Sheachtain na Cásca a reáchtáiltear an Chomhdháil Bhliantúil.

### Ceannoifig

Tá Ceannoifig ASTI suite ar Shráid an Fhíona, Baile Átha Cliath 8. Cuireann an tArd-Rúnaí, Kieran Christie agus an fhoireann raon leathan seirbhísí, comhairle agus ionadaíochta ar fáil do bhaill ASTI. Sanntar oifigeach ar leith do gach scoil chun críocha comhairle agus ionadaíochta (féach lastall).

## Ról Ionadaí an Bhuanchoiste

Is é an Buanchoiste bord rialaithe ASTI nuair nach bhfuil an Ard-Chomhairle ina suí. Déanann sé cinntí beartais i gcomhréir leis na rialacha agus le cinntí na Comhdhála Bliantúla. Toghann na baill comhaltaí an Bhuanchoiste gach re bliain.

## Ról an Oifigigh Caidrimh Thionsclaíoch (CT)

Is iad na hOifigigh CT atá freagrach as saincheisteanna caidrimh thionsclaíoch agus déanann siad ionadaíocht do bhaill aonair agus do bhaill foirne den Lucht Bainistíochta Scoile agus den Roinn.

## Ról an Oifigigh Foirne um Chaidreamh Tionsclaíoch (OF)

Baill atá ag lorg comhairle maidir le saoire, sosanna gairme, comhroinnt post, saincheisteanna íocaíochta, agus an Chomhairle Mhúinteoireachta, ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh leis na hOifigigh Foirne, Emer Hynes agus Caroline Mohan (01) 604 0160.

## Scor / Feidhmiúlacht chun Múineadh na Comhairle Múinteoireachta

Baill atá ag lorg comhairle agus eolais maidir le roghanna scoir agus Feidhmiúlacht chun Múineadh na Comhairle Múinteoireachta, ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Feidhmiúcháin, Desmond O'Toole / Desmond.OToole@asti.ie/(01) 6040160. Is féidir fiosruithe scoir a chur faoi bhráid Breda Lynch (IR) / breda@asti.ie / 01 6040173 freisin

**Réigiún1:** **Dún na nGall, Iarthuaisceart, Sligeach**
Ionadaí an Bhuanchoiste
Patrick Curley / curleyie@yahoo.ie / 087 792 5441
**Dún na nGall, Iarthuaisceart:**
Breda Lynch (CT) / breda@asti.ie / 01 604 0173
**Sligeach:**
Conor McDonald (CT) / cmcdonald@asti.ie / 01 604 0175

**Réigiún 2:** **Iarthar Mhaigh Eo, Oirthear Maigh Eo, Cora Droma Rúisc**
Ionadaí an Bhuanchoiste
Róisín Doyle / roisin1doyle@yahoo.co.uk / 086 803 3892
**Oirthear Mhaigh Eo, Cora Droma Rúisc:**
Breda Lynch (CT) / breda@asti.ie / 01 604 0173
**Iarthar Mhaigh Eo:**
Conor McDonald (CT) / cmcdonald@asti.ie / 01 604 0175

**Réigiún 3:** **Gaillimh, Tuaim, Oirthear na Gaillimhe**
Ionadaí an Bhuanchoiste
Richie Bell / Region3asti@gmail.com / 086 668 9436
**Gaillimh, Tuaim:**
Breda Lynch (CT) / breda@asti.ie / 01 604 0173
**Oirthear na Gaillimhe:**
Desmond O'Toole (CT) Desmond.OToole@asti.ie / 01 604 0160

**Réigiún 4:** **An Clár, Luimneach Theas, Luimneach Thuaidh, An tAonach**
Ionadaí an Bhuanchoiste
Geraldine O'Brien / germcw@gmail.com / 087 942 2879
**An Clár:**
Desmond O'Toole (CT) Desmond.OToole@asti.ie / 01 604 0160
**Luimneach Theas:**
Maire Collins (CT) mairec@asti.ie / 01 604 0182
**Luimneach Thuaidh, An tAonach:**
Conor McDonald (CT) / cmcdonald@asti.ie / 01 604 0175

**Réigiún 5:** **Deasumhain, Ciarraí, Iarthar Luimnigh**
Ionadaí an Bhuanchoiste
Donal Cremin / cremindonal123@gmail.com / 086 321 2036
**Deasumhain, Ciarraí:**
Bernard Moynihan (CT) / bernard@asti.ie / 01 604 0171
**Iarthar Luimnigh:**
Breda Lynch (CT) / breda@asti.ie / 01 604 0173

**Réigiún 6:** **Corcaigh Theas, Cairbrigh**
Ionadaí an Bhuanchoiste
Anne Loughnane / Blasnamara@gmail.com / 087 791 9598
**Corcaigh Theas:**
Bernard Moynihan (CT) / bernard@asti.ie / 01 604 0171
**Cairbrigh:**
Conor McDonald (CT) / cmcdonald@asti.ie / 01 604 0175

**Réigiún 7:** **Mainistir Fhear Maí, Corcaigh Thuaidh, Oirthear Chorcaí, Iarthar Phort Láirge, Dún Garbhán**
Ionadaí an Bhuanchoiste
Pat Knightly / patknightly@hotmail.com / 087 669 9829
**Mainistir Fhear Maí, Corcaigh Thuaidh:**
Bernard Moynihan (CT) / bernard@asti.ie / 01 604 0171

**Oirthear Chorcaí:**
Maire Collins (CT) mairec@asti.ie / 01 604 0182

**Iarthar Phort Láirge, Dún Garbhán:**
Breda Lynch (CT) / breda@asti.ie / 01 604 0173

**Réigiún 8: Loch Garman, Ros Mhic Thriúin, Port Láirge, Inis Córthaidh**
Ionadaí an Bhuanchoiste
Paul O'Reilly / jporeilly77@gmail.com / 085 716 2267

**Loch Garman, Ros Mhic Thriúin:**
Desmond O'Toole (CT) Desmond.OToole@asti.ie / 01 604 0160

**Port Láirge:**
Maire Collins (CT) mairec@asti.ie / 01 604 0182

**Inis Córthaidh:**
Conor McDonald (CT) / cmcdonald@asti.ie / 01 604 0175

**Réigiún 9: Tiobraid Árann, Cill Chainnigh, Ros Cré**
Ionadaí an Bhuanchoiste
Donal Coughlan / dc@presclonmel.com / 087 243 9167
Maire Collins (CT) mairec@asti.ie / 01 604 0182

**Réigiún 10: Laois, Cill Dara, Ceatharlach**
Ionadaí an Bhuanchoiste
Eamon Ryan / eamon200ryan@yahoo.co.uk / 087 988 6140

**Laois:**
Maire Collins (CT) mairec@asti.ie / 01 604 0182

**Cill Dara:**
Bernard Moynihan (CT) / bernard@asti.ie / 01 604 0171

**Ceatharlach:**
Conor McDonald (CT) / cmcdonald@asti.ie / 01 604 0175

**Réigiún 11: An Longfort, Tulach Mhór, An Uaimh, Baile Átha Luain, An Muileann gCearr**
Ionadaí an Bhuanchoiste
Peter Keaney / peterkeaney@hotmail.com /086 845 0809

**An Longfort, Baile Átha Luain:**
Bernard Moynihan (CT) bernard@asti.ie / 01 604 0171

**An Uaimh, An Muileann gCearr:**
Breda Lynch (CT) / breda@asti.ie / 01 604 0173

**Tulach Mhór:**
Desmond O'Toole (CT) Desmond.OToole@asti.ie / 01 604 0160

**Réigiún 12: Dún Dealgan, Muineachán, An Cabhán, Droichead Átha**
Ionadaí an Bhuanchoiste

**Dún Dealgan, Droichead Átha:**
Conor McDonald (CT) / cmcdonald@asti.ie /01 604 0175

**Muineachán:**
Bernard Moynihan (CT) / bernard@asti.ie / 01 604 0171

**An Cabhán:**
Breda Lynch (CT) / breda@asti.ie / 01 604 0173

**Réigiún 13: Baile Átha Cliath Theas 2, Contae Bhaile Átha Cliath Theas**
Ionadaí an Bhuanchoiste
Chris Hind / chrisroom9@yahoo.co.uk / 087 338 4819
Conor McDonald (CT) / cmcdonald@asti.ie / 01 604 0175

**Réigiún 14: Stigh Lorgan, Dún Laoghaire, Bré, Cill Mhantáin**
Ionadaí an Bhuanchoiste
Ray St. John / RayStJohn190@gmail.com / 087 350 2845

**Stigh Lorgan, Dún Laoghaire, Bré**
Breda Lynch (CT) / breda@asti.ie / 01 604 0173

**Cill Mhantáin:**
Desmond O'Toole (CT) Desmond.OToole@asti.ie / 01 604 0160

**Réigiún 15: Baile Átha Cliath Thiar Theas, Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh**
Ionadaí an Bhuanchoiste
Adrieanne Healy / healys2806@gmail.com / 086 324 5765
Maire Collins (CT) mairec@asti.ie / 01 604 0182

**Réigiún 16: Baile Átha Cliath Thuaidh 1, Baile Átha Cliath Láir Thuaidh**
Ionadaí an Bhuanchoiste
Emer Brady / emer.m.brady@gmail.com / 087 716 3184

**Baile Átha Cliath Thuaidh 1:**
Desmond O'Toole (CT) /Desmond.OToole@asti.ie / 01 604 0160

**Baile Átha Cliath Láir Thuaidh:**
Conor McDonald (CT) / cmcdonald@asti.ie / 01 604 0175

**Réigiún 17: Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh, Fine Galll**
Ionadaí an Bhuanchoiste
Seamus Keane / checian67@gmail.com / 086 054 0125

**Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh:**
Bernard Moynihan (CT) / bernard@asti.ie / 01 604 0171

**Fine Gall:**
Conor McDonald (CT) / cmcdonald@asti.ie / 01 604 0175

**Réigiún 18:** **Baile Átha Cliath Láir Theas, Baile Átha Cliath Theas 1**
Ionadaí an Bhuanchoiste
Philip Irwin / philipirwin01sc@gmail.com / 087 284 4286
Maire Collins (CT) mairec@asti.ie / 01 604 0182

## 4. Dualgais agus freagrachtaí na maor scoile

Luaitear dualgais an Mhaoir Scoile i Riail ASTI 55 mar seo a leanas:

(a) Toghfaidh gach grúpa foirne scoile ASTI Maor Scoile le bheith mar ionadaí oifigiúil ceardchumainn acu.

(b) Reáchtálfar an toghchán ar an 1 Bealtaine nó roimhe gach bliain agus tabharfaidh an Maor Scoile nuathofa fógra, a luaithe is féidir, do Cheannoifig ASTI faoina t(h)oghadh.

(c) Is é an Maor Scoile ionadaí oifigiúil ASTI sa scoil. Beidh sé nó sí freagrach don Chumann as gnóthaí an Chumainn a stiúradh laistigh den scoil.

(d) Féachfaidh an Maor Scoile lena chinntiú go mbeidh gach múinteoir incháilithe atá fostaithe sa scoil ina mball den Chumann agus go bhfanfaidh siad ina mbaill de

(e) Ba chóir don Mhaor Scoile socruithe a dhéanamh chun litríocht agus faisnéis ASTI a dháileadh ar na baill.

(f) Cuirfidh an Maor Scoile faisnéis ar bhallraíocht ASTI sa scoil ar aghaidh chuig an gCeannoifig má iarrann an tArd-Rúnaí í.

(g) Gníomhóidh an Maor Scoile i gcomhairle le baill ASTI na scoile agus thar a gceann.

(h) Tionólfaidh an Maor Scoile cruinniú ASTI scoile amháin ar a laghad in aghaidh an téarma.

(i) A luaithe a bheidh clár oibre faighte ag an Maor Scoile, mar aon le hiarratas ar chruinniú arna shíniú ag leath na mball ASTI sa scoil ar a laghad, tionólfaidh an Maor Scoile cruinniú de bhaill ASTI.

(j) Féadfaidh an Brainse ASTI áitiúil costais riachtanacha an Mhaoir Scoile a aisíoc.

(k) Féadfaidh an Maor Scoile, más cuí leis/léi, socrú a dhéanamh chun Coiste Ceardchumainn Scoile a thoghadh, coiste a mbeidh triúr comhaltaí air, an Maor Scoile san áireamh. Féadfaidh an Maor Scoile roinnt dualgas a tharmligean chuig comhaltaí eile de Choiste Ceardchumainn na Scoile. I gcás inarb infheidhme, dar leis an maor scoile, féadfaidh an coiste sin gníomhú thar ceann fhoireann ASTI.

## 5. Cruinnithe scoile ASTI

1 Ba cheart cruinniú de na baill i ngach scoil a thionól uair amháin ar a laghad i ngach téarma.

2 Ba cheart fógra trí lá ar a laghad a thabhairt go bhfuil sé ar intinn gnáthchruinniú a thionól.

3 Féadfaidh an Maor Scoile cruinniú urghnách a ghairm ar fhógra níos giorra nó ar iarratas ó líon nach lú ná caoga faoin gcéad de na baill sa scoil tar éis foréileamh a bheith sínithe ina léirítear cuspóir an chruinnithe atá beartaithe.

4 Ní fhéadfar aon ghnó a phlé ag cruinniú urghnách den sórt sin seachas mar a léirítear ar an bhforéileamh.

5 Ní mór taifead a choinneáil orthu siúd atá i láthair agus den ghnó a phléitear agus na cinntí a dhéantar ag gach cruinniú.

6 Ag tús gach cruinnithe, ba chóir miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a léamh agus ba cheart don Mhaor Scoile iad a shíniú i gcás go bhformheastar iad.

7 Go ginearálta, tá sé inmhianaithe go dtabharfaí cúnamh don Mhaor Scoile na miontuairiscí a choinneáil ionas gur féidir leis/léi páirt níos éifeachtaí a ghlacadh sa chruinniú.

8 Ní cheadófar rún a áireamh ar an gclár oibre murar shínigh an moltóir agus an cuiditheoir é.

9 Mura bhfuil comhaontú ann maidir le saincheist ná réiteach, ba cheart é a chur chun vóta trí chomhaireamh lámh.

10 Má tharlaíonn comhionannas vótaí, úsáidfidh an cathaoirleach, arb é an Maor Scoile de ghnáth é, a vóta réitigh ach amháin i gcás ina bhfuil toghchán lena mbaineann vóta rúnda ar siúl, e.g. toghchán don Bhord Bainistíochta. I gcás comhionannas vótaí, tionólfar an dara vóta. Ba chóir an t-ábhar a chinneadh trí chrannchur má tharlaíonn an dara comhionannas vótaí.

11 Dá dtiocfadh ábhair thromchúiseacha aníos faoi "Aon Ghnó Eile" d'fhéadfadh sé a bheith inmhianaithe an cinneadh a chur siar agus an t-ábhar a chur ar an gclár oibre le haghaidh cruinniú eile.

12 Ní fhéadfar glacadh le rún in imthosca ar bith ina bhféachtar le dul timpeall ar bheartas ASTI nó ar threoir ón gceardchumann.

13 Tá sé inmhianaithe go mbeadh an ceardchumann in ann seomraí sa scoil a úsáid le linn na n-uaireanta scoile nó ina ndiaidh. (Ba chóir socrú seasta a dhéanamh idir an Maor Scoile agus an lucht bainistíochta ar an ábhar seo).

## 6. Maoir Scoile agus Láithreán Gréasáin ASTI

### Faisnéis:

Cuirtear eolas cuimsitheach ar fáil ar láithreán gréasáin ASTI maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta múinteoirí dara leibhéal. Is minic go mbeadh freagra ar cheist baill le fáil ina iomláine ar láithreán gréasáin ASTI. Tá cartlann d'fhoilseacháin ASTI le fáil sa láithreán gréasáin freisin, lena n-áirítear ASTIR agus Nuacht. Ina theannta sin, tá rannán ann do Mhaoir Scoile lena n-áirítear comhfhreagras ASTI chuig Maoir Scoile, arna chomhdú in ord dáta.

### Sonraí teagmhála:

Tá ainmneacha agus sonraí teagmhála ionadaithe tofa ASTI agus fhoireann na Ceannoifige ar fáil ar láithreán gréasáin ASTI. Is féidir leat ceisteanna a chur go díreach chuig rannóga ar leith i gCeannoifig ASTI tríd an leathanach “déan teagmháil linn” ar an láithreán gréasáin.

ASTI

Áras Thomáis Mhic Dhonncha, Sráid an Fhíona, B.Á.C. 8, D08 P9V6

Thomas MacDonagh House, Winetavern Street, Dublin 8, D08 P9V6

Teil: 01-604 0160 r-phost: info@asti.ie http://www.asti.ie